


Athoscailt scoileanna

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi athoscailt scoileanna áirithe ar ball. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Ar cheart do na scoileanna ar fad a bheith oscailte faoi láthair, in ainneoin na paindéime, dar leat? Cén fáth?
2. Ar cheart do ghrúpaí áirithe scoláirí a bheith ar ais ar scoil, dar leat? Cé hiad na scoláirí sin?
3. An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht i mbliana? Conas mar atá siad?



Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- trade unions _____
- The Labour Party _____
- group of parents _____
- constitutional rights _____
- special needs _____
- alternative choice _____
- to spur into action _____
- weighing heavily upon them _____
- urgently _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo – 200, 16?
2. Cén fáth ar luadh na dreamanna seo a leanas – an Roinn Oideachais, na ceardchumann, Cumann Múinteoirí Éireann agus Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí?
3. Cén tuairim a nocht na daoine seo a leanas faoin scéal?

Seán Ó hArgáin
Eamon Ryan
Donnchadh Ó Laoghaire
Aodhán Ó Ríordáin

Ceist 4 '...Ainneoin na gcainteanna...'

1. An lagiolra nó tréaniolra atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Féach ar na hiolraí seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír. An lagiolraí nó tréaniolraí iad? Mura bhfuil tú cinnte, féach san fhoclóir:

ceardchumann
tuismitheoirí
scoileanna
riachtanais
cearta
cúntóirí

3. Cuir foirm iolra na n-ainmfhocal sna bearnaí agus cuir in iúl cé acu lagiolra nó tréaniolra atá i gceist.
 - Deirtear go bhfuil féith ghrinn na (Francach) _____ aisteach.
 - Chuala mé go raibh líon na (duine) _____ a bhí ann an-ard ar fad.
 - Beimid ag plé na (fadhb) _____ sin amárach.
 - Chuir tromchúis na (cás) _____ isteach go mór uirthi.
 - Beidh máthair na (páistí) _____ ag imeacht gan mhoill.
 - Tá dath na (teach) _____ mar an gcéanna ar an tsráid.

Ceist 5 An séimhiú

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus mínígí cúis an tséimhithe sna samplaí seo a leanas, a bhí le cloisteáil sa mhír:

- roimh **dh**eireadh na seachtaine
- ar **ch**ead**ch**umann
- sé **ch**ontae **dh**éag
- do **ph**áistí
- **sh**eol tuismitheoirí
- ba **mh**aith
- ó **mh**úinteoirí
- faoi **ch**ainteanna

Ceist 6 Cuir na frásaí seo a bhí le cloisteáil sa mhír in abairtí lena mbrí a léiriú:

in ainneoin
ar ceal
ionas go
mar gheall ar
faoi cheann

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

trade unions	<i>ceardchumann</i>
The Labour Party	<i>Páirtí an Lucht Oibre</i>
group of parents	<i>meitheal tuismitheoirí</i>
constitutional rights	<i>cearta bunreachtúla</i>
special needs	<i>riachtanais speisialta/sainriachtanais</i>
alternative choice	<i>rogha mhalartach</i>
to spur into action	<i>faobhar a chur faoi</i>
weighing heavily upon them	<i>ina luí go trom orthui</i>
urgently	<i>ar bhonn práinne</i>

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Tréaniolra.
2. Féach:

ceardchumann – lagiolra
tuismitheoirí – tréaniolra
scoileanna – tréaniolra
riachtanais – lagiolra
cearta – lagiolra
cúntóirí – tréaniolra

3. Féach:

- Deirtear go bhfuil féith ghrinn na **bhFrancach** aisteach. (lagiolra)
- Chuala mé go raibh líon na **ndaoine** a bhí ann an-ard ar fad. (tréaniolra)
- Beimid ag plé na **bhfadhbanna** sin amárach. (tréaniolra)
- Chuir tromchúis na **gcásanna** isteach go mór uirthi. (tréaniolra)
- Beidh máthair na **bpáistí** ag imeacht gan mhoill. (tréaniolra)
- Tá dath na **dtithe** mar an gcéanna ar an tsráid. (tréaniolra)

Ceist 5

- roimh **dh**eireadh na seachtaine
Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'roimh'.
- ar **ch**ead**ch**umann
Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'ar', nuair nach cuirtear staid nó suíomh in iúl.
Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú, cuirtear séimhiú ar an dara focal (ach amháin nuair a thagann *d*, *t*, *l*, *s* ná *n* le chéile).
- sé **ch**ontae **dh**éag
Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis na huimhreach 'sé' agus cuirtear séimhiú ar an bhfocal 'déag' má chríochnaíonn an t-ainmfhocal a thagann roimhe le guta.
- do **ph**áistí
Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'do'.
- **sh**eol tuismitheoirí
Cuirtear séimhiú ar an mbriathar san aimsir chaite.

- ba mhaith
Leanann séimhiú foirmeacha na copail san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach.
- ó mhúinteoirí:
Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'ó'.
- faoi chaiteanna
Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí 'faoi'.

Ceist 6

in ainneoin – *in spite of*

cuir ar ceal – *cancel*

ionas go – *so that*

mar gheall ar – *about, on account of*

faoi cheann – *within, in (faoi cheann coicíse – in a week)*

Eimear Ní Chonaola

Ainneoin na gcainteanna atá ar bun idir an Roinn Oideachais agus ceardchumann, deir Páirtí an Lucht Oibre gur cheart don Rialtas an Ardteist a chur ar ceal roimh dheireadh na seachtaine. Idir an dá linn, tá meitheal tuismitheoirí ag bagairt an dlí ar an Stát agus ar cheardchumann, mura n-osclófar scoileanna speisialta an tseachtain seo chugainn.

Shane Ó Curraighín

Tá an Ardchúirt á bagairt ag beagnach 200 tuismitheoir ó shé chontae dhéag ar an Stát, mura n-osclaítear scoileanna do pháistí le riachtanais speisialta oideachais an tseachtain seo chugainn. Sheol tuismitheoirí litreacha dlí go dtí an Roinn Oideachais, go Cumann Múinteoirí Éireann agus go Fórsa, ag maíomh go bhfuil cearta bunreachtúla a bpáistí á sárú. Tá cainteanna ar bun ag féachaint le réiteach a aimsiú.

Seán Ó hArgáin, Uachtarán Ghaeloideachas

Ba bhreá linn dá mbeadh páistí le riachtanais speisialta foghlama ar ais ar scoil, chomh tapa in Éirinn agus is féidir. Sin atá ag teastáil ó mhúinteoirí agus ó chúntóirí, agus le cúnadh Dé oibreofar amach é sin go luath. Ó thaobh athoscailt do na páistí ar fad inár scoileanna, táimid ag caint, ceapaim, ag an bpointe seo – go bhfuil an ceart ag daoine – faoi Lá Fhéile Pádraig, agus dar ndóigh Lá Fhéile Pádraig an-chóngarach don Cháisc.

Shane Ó Curraighín

Dúirt an tAire Iompair, Eamon Ryan, go dtabharfar páistí le sainriachtanais oideachais ar ais ar dtús agus daltaí Ardteiste ina dhiaidh.

Donnchadh Ó Laoghaire TD, Urlabhraí Oideachais, Sinn Féin

Caithfear cinneadh luath a dhéanamh, chomh luath is gur féidir, ionas gur féidir, agus is é sin tuairim Shinn Féin, rogha a thabhairt do scoláirí, idir rogha mhalartach ar nós anuraidh nó an páipéar scríofa agus an rogha a bheith acu idir an dá rud. Ach chun é sin a dhéanamh, caithfear cinneadh a dhéanamh go luath ionas gur féidir gach rud a bheith eagraithe in am don CAO¹ an bhliain seo.

Shane Ó Curraighín

Tuigtear go gcuirfear faobhar faoi chainteanna na hArdteist an tseachtain seo agus súil le soiléiriú faoi cheann coicíse.

Aodhán Ó Ríordáin TD, Urlabhraí Oideachais Pháirtí an Lucht Oibre

Fad is atá na cainteanna ag dul ar aghaidh leis na ceardchumann mar gheall ar athoscailt na scoileanna, tá sé tábhachtach don Rialtas a admháil nach bhfuil an Ardteist ag dul ar aghaidh agus é sin a fhógairt roimh dheireadh na seachtaine seo.

Shane Ó Curraighín

Tá sé ráite ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, go bhfuil an éiginnteacht faoi athoscailt na scoileanna ina luí go trom orthu agus tá soiléiriú iarrtha acu ar an Rialtas ar bhonn práinne.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4.

¹ Lár-Oifig Iontrála an téarma i nGaeilge